2024/3165

19.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3165 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Nollaig 2024

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 499/96 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le taraif-chuótaí an Aontais le haghaidh táirgí áirithe éisc agus iascaigh de thionscnamh na hÍoslainne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 499/96 ón gComhairle an 19 Márta 1996, lena n-osclaítear taraif-chuótaí le haghaidh táirgí áirithe éisc agus iascaigh de thionscnamh na hÍoslainne ([1]) agus lena ndéantar foráil maidir lena riar, agus go háirithe Airteagal 5(1), pointí (a) agus (d), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 21 Aibreán 2016 ([2]), thug an Chomhairle údarú do shíniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus do chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin agus Ríocht na hIorua maidir le Sásra Airgeadais LEE 2014–2021, an Chomhaontaithe idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le Sásra Airgeadais na hIorua le haghaidh na tréimhse 2014–2021, an Phrótacail Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua agus an Phrótacail Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn ('Prótacal Breise 2016–2021').

(2) Le Prótacal Breise 2016–2021, déantar foráil maidir le trí tharaif-chuóta saor ó dhleacht ar tháinig deireadh leo an 30 Aibreán 2014 agus maidir le taraif-chuóta nua saor ó dhleacht amháin a athnuachan chun táirgí áirithe éisc agus iascaigh áirithe de thionscnamh na hÍoslainne a scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas Eorpach, go dtí an 30 Aibreán 2021.

(3) Ina theannta sin, foráiltear le Prótacal Breise 2016–2021, i gcás mhéideanna na dtaraif-chuótaí lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Bealtaine 2014 go dtí an dáta a bheidh éifeacht lena chur i bhfeidhm sealadach, go ndéanfar iad a leithdháileadh go comhréireach agus a chur ar fáil le haghaidh na tréimhse ón dáta a bheidh feidhm shealadach aige go dtí an 30 Aibreán 2021. Ní fhoráiltear leis maidir le haon tabhairt ar aghaidh méideanna atá fágtha i dtaraif-chuóta chuig tréimhse cur i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

(4) In 2024, tugadh Prótacal Breise nua a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na hÍoslainne i gcrích ('Prótacal Breise 2025–2028') a bhaineann le forálacha speisialta is infheidhme maidir le hallmhairiú táirgí áirithe éisc agus iascaigh de thionscnamh na hÍoslainne isteach san Aontas ([3]). Déantar foráil san Iarscríbhinn a ghabhann leis maidir le taraif-chuótaí bliantúla saor ó dhleacht le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas.

(5) Beidh feidhm ag na taraif-chuótaí bliantúla saor ó dhleacht a leagtar amach i bPrótacal Breise 2025–2028 ón lá a bheidh éifeacht le cur i bhfeidhm sealadach Phrótacal Breise 2025–2028, go dtí an 30 Aibreán 2028. Ina theannta sin, foráiltear leis, i gcás mhéideanna na dtaraif-chuótaí lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Bealtaine 2021 go dtí an lá a bheidh feidhm shealadach ag Prótacal Breise 2025–2028, go ndéanfar iad a leithdháileadh go comhréireach ar bhonn bliantúil ón 1 Bealtaine go dtí an 30 Aibreán gach bliain go dtí an 30 Aibreán 2028.

([1]) IO L 75, 23.3.1996, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/499/2016-08-01.

([2]) Cinneadh (AE) 2016/837 ón gComhairle an 21 Aibreán 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin agus Ríocht na hIorua maidir le Sásra Airgeadais LEE 2014-2021, an Chomhaontaithe idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le Sásra Airgeadais na hIorua le haghaidh na tréimhse 2014–2021, an Phrótacail Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua agus an Phrótacail Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn (IO L 141, 28.5.2016, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/837/oj).

([3]) Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na hÍoslainne (IO L, 2024/2601, 8.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/prot/2024/2601/oj).

(6) Déantar foráil le Prótacal Breise 2025–2028 freisin maidir le haistriú mhéideanna cuótaí carntha na dtaraif-chuótaí sin nár úsáideadh ar feadh tréimhse suas le 2 bhliain tar éis deireadh a theacht lena chur i bhfeidhm, ach nach faide ná cur i bhfeidhm sealadach prótacail ina dhiaidh sin lena mbunaítear cuótaí saor ó dhleacht le haghaidh na dtáirgí céanna.

(7) Tiocfaidh Prótacal Breise 2025–2028 i bhfeidhm go sealadach an 1 Eanáir 2025.

(8) Chun a áirithiú go mbeidh na taraif-chuótaí ar fáil ón dáta a thiocfaidh Prótacal Breise 2025-2028 i bhfeidhm go sealadach ar aghaidh, ba cheart feidhm a bheith ag na taraif-chuótaí dá bhforáiltear sa Rialachán seo ón 1 Eanáir 2025.

(9) Is gá leasú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 499/96 chun na taraif-chuótaí a leagtar síos i bPrótacal Breise 2025–2028 a chur chun feidhme.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 499/96 a leasú dá réir sin.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 499/96 mar a leanas:

(1) In Airteagal 1, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘5. Leis na taraif-chuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.0834 go 09.0841 orthu, cumhdófar an tréimhse ón 1 Bealtaine 2021 go dtí an 30 Aibreán 2028. I gcás nach n-ídeofar na taraif-chuótaí le linn na tréimhse sin, agus i gcás nach gcuirfear i bhfeidhm go sealadach aon phrótacal ina dhiaidh sin lena mbunófar taraif-chuótaí saor ó dhleacht le haghaidh na dtáirgí céanna, féadfar allmhairí ón Íoslainn a dhéanamh i leith an mhéid cuótaí comhiomlánaithe a bheidh fágtha de na taraif-chuótaí sin go ceann tréimhse suas le 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse an chur i bhfeidhm seo, ach ní féidir é a dhéanamh ar feadh tréimhse níos faide ná cur i bhfeidhm sealadach prótacail ina dhiaidh sin lena mbunaítear taraif-chuótaí saor ó dhleacht le haghaidh na dtáirgí céanna.’

(2) San Iarscríbhinn tar éis shraithuimhir 09.0700, cuirtear isteach an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Sraith-uimhir	Cód AC	Foroinn TARIC	Tuairisc ar tháirgí	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta (ina thonaí glanmheách-ain mura sonraítear a mhalairt)	Dleacht an chuóta (%)
09.0839	0303 51 00		Scadáin (*Clupea harengus*, *Clupea pallasii*), reoite[2]	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	280	0
				Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	840	
				Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	840	
				Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	840	
09.0840	0304 49 50		Filléid peirsí mara (*Sebastes* spp.), iad úr nó fuaraithe	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	1 750	0
				Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	5 250	
				Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	5 250	
				Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	5 250	
09.0841	0306 15 00		Gliomaigh reoite na hIorua (*Nephrops norvegicus*)	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	70	0
				Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	210	
				Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	210	
				Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	210	

Sraith-uimhir	Cód AC	Foroinn TARIC	Tuairisc ar tháirgí	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta (ina thonaí glanmheách-ain mura sonraítear a mhalairt)	Dleacht an chuóta (%)
09.0834	1604 19 92 1604 20 90		Ullmhóidí de throisc agus éisc eile	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	1 400	0
				Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	4 200	
				Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	4 200	
				Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	4 200	
09.0835			**Úr nó fuaraithe**:	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	3 850	0
	0302 23 00		Sóil (*Solea* spp.)	Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	11 550	
	0302 24 00 0302 29		Turbard (*Psetta maxima*) Scoilteáin (*Lepidorhombus* spp.) agus leathóga eile	Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	11 550	
	0302 59 90		Éisc de na finte Bregmacerotidae, Euclichthyidae, Gadidae, Macrouridae, Melanonidae, Merlucciidae, Moridae agus Muraenolepididae	Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	11 550	
	0302 82 00		Roic agus sciataí (*Rajidae*)			
	0302 89 50		Láimhínigh (*Lophius* spp.)			
	0302 89 90		Éisc úra nó fhuaraithe eile			
			Reoite:			
	0303 32 00		Leathóga ballacha (*Pleuronectes platessa*)			
	0303 39 85		Éisc leathógacha			
	ex 0303 59 90	10	Ronnaigh Indiacha (*Rastrelliger* spp.)			

Sraith-uimhir	Cód AC	Foroinn TARIC	Tuairisc ar tháirgí	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta (ina thonaí glanmheách-ain mura sonraítear a mhalairt)	Dleacht an chuóta (%)
	0303 69 90		Éisc de na finte Bregmacerotidae, Euclichthyidae, Gadidae, Macrouridae, Melanonidae, Merlucciidae, Moridae agus Muraenolepididae			
	0303 82 00		Roic agus sciataí (*Rajidae*)			
	0303 89 90		Éisc eile			
	0303 99 00		Eití, cinn, eireabaill, lamhnáin snámha agus scairteach éisc inite eile			
			Filléid úra nó fhuaraithe:			
	0304 43 00		Leathóga (*Pleuronectidae, Bothidae, Cynoglossidae, Soleidae, Scophthalmidae agus Citharidae*)			
	ex 0304 44 90	90	Éisc de na finte Bregmacerotidae, Euclichthyidae, Gadidae, Macrouridae, Melanonidae, Merlucciidae, Moridae agus Muraenolepididae			
	0304 46 00		Déadiasc			
	0304 49 10		Éisc fionnuisce			
	0304 49 90		Éisc eile, nach sonraítear in aon áit eile			
	0304 95 10		Suiréime reoite			
09.0836	0305 39 10		Filléid bhradáin, iad saillte nó faoi sháile, ach gan a bheith deataithe	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	35	0
	0305 42 00		Scadáin dheataithe	Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	105	
	0305 69 50		Bradáin atá saillte nó faoi sháile amháin	Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	105	
	0305 41 00		Bradáin dheataithe, lena n-áirítear filléid	Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	105	

Sraith-uimhir	Cód AC	Foroinn TARIC	Tuairisc ar tháirgí	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta (ina thonaí glanmheách-ain mura sonraítear a mhalairt)	Dleacht an chuóta (%)
09.0837	0305 72 00		Cinn éisc, eireaball éisc agus lamhnáin snámha éisc, iad deataithe, triomaithe, saillte nó faoi sháile	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	1 365	
	0305 79 00		Eití éisc agus scairteach éisc inite eile, iad deataithe, triomaithe, saillte nó faoi sháile	Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	4 095	
	0305 43 00		Bric dheataithe (Salmo trutta, Oncorhynchus mykiss, Oncorhynchus clarki, Oncorhynchus aguabonita, Oncorhynchus gilae, Oncorhynchus apache agus Oncorhynchus chrysogaster)	Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	4 095	
	0305 49 80		Éisc eile atá deataithe	Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	4 095	
	1604 11 00		Bradán ullmhaithe nó leasaithe, é ina iomlán nó ina phíosaí, ach gan bheith mionaithe			
	1604 20 10		Bradán ullmhaithe nó leasaithe eile			
	1605 61 00		Súmaire cladaigh ullmhaithe nó leasaithe			
	1605 62 00		Cuáin mhara ullmhaithe nó leasaithe			
09.0838	0302 22 00		Leathóga úra nó fuaraithe (*Pleuronectes platessa*)	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	1 750	0
	0302 59 20		Faoitíní úra nó fuaraithe (*Merlangius merlangus*)	Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	5 250	
	0304 49 10		Filléid d'éisc fionnuisce, iad úr nó fuaraithe, nach sonraítear in aon áit eile	Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	5 250	
	0304 52 00		Feoil úr nó fhuaraithe Salmainidí, bíodh sí mionaithe nó ná bíodh	Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	5 250	
	0304 89 10		Filléid d'éisc fionnuisce, iad reoite, nach sonraítear in aon áit eile			
	0305 69 80		Éisc eile, atá saillte nó faoi sháile amháin			

Sraith-uimhir	Cód AC	Foroinn TARIC	Tuairisc ar tháirgí	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta (ina thonaí glanmheách-ain mura sonraítear a mhalairt)	Dleacht an chuóta (%)
	0304 82 10 0304 82 90		Filléid reoite ó bhric (*Salmo trutta, Oncorhynchus mykiss, Oncorhynchus clarki, Oncorhynchus* aguabonita, Oncorhynchus gilae)			
	0302 59 40		Langaí (*Molva* spp.) úra nó fuaraithe			
	0305 53 90		Éisc thriomaithe de na finte Bregmacerotidae, Euclichthyidae, Gadidae, Macrouridae, Melanonidae, Merlucciidae, Moridae agus Muraenolepididae, seachas troisc			
	0303 14 20 0303 14 90		Bric '*oncorhynchus mykiss*' atá reoite, a bhfuil na cinn agus na geolbhaigh orthu, iad glanta			
	0302 14 00		Bradáin úra nó fhuaraithe an Atlantaigh '*Salmo salar*' agus bradáin úra nó fhuaraithe na Danóibe '*Hucho hucho*'			
	0303 13 00		Bradáin an Atlantaigh '*Salmo salar*' agus bradáin na Danóibe '*Hucho hucho*', iad reoite			
	0304 41 00		Filléid úra nó fhuaraithe ó bhradáin an Aigéin Chiúin (*Oncorhynchus nerka, Oncorhynchus gorbuscha, Oncorhynchus keta, Oncorhynchus tschawytscha, Oncorhynchus kisutch, Oncorhynchus masou agus Oncorhynchus rhodurus*), bradáin an Atlantaigh (*Salmo salar*) agus bradáin na Danóibe (*Hucho hucho*)			
	0304 81 00		Filléid reoite de bhradáin an Aigéin Chiúin (*Oncorhynchus nerka, Oncorhynchus gorbuscha, Oncorhynchus keta, Oncorhynchus tschawytscha, Oncorhynchus kisutch, Oncorhynchus masou agus Oncorhynchus rhodurus*), bradáin an Atlantaigh (*Salmo salar*) agus bradáin na Danóibe (*Hucho hucho*)			